

Ról Innealtóra Tionscadail

Bí páirteach i gcuideachta nuálach agus forásach san Iarthar!

Cuideachta nuálach deartha, déantúsaíochta agus tástála is ea ÉireComposites atá ag plé le hábhair chomhchodacha éadroma, ardfheidhmíochta, snáithín-threisithe, agus bonn ardchaighdeáin custaiméirí idirnáisiúnta acu de bhreis agus 70 cuideachta sna hearnálacha aeraspáis, fuinnimh in-athnuaite agus uathghluaisneacha. Tá saoráidí creidiúnaithe aeraspáis déantúsaíochta agus tástála bunaithe ag ÉireComposites (www.ÉireComposites.com) i nGaillimh, Éire, agus tá maoin intleachtúil shuntasach acu i ndéantúsaíocht agus in uirlisiú d'ábhair chomhchodacha.

Tá folúntas ann anois d'Innealtóir Tionscadail chun dul ar an bhfoireann Innealtóireachta in ÉireComposites. Beidh an ról seo ag tuairisciú don bhainisteoir Innealtóireachta. Deis iontach é seo do chéimí nó d'innealtóir atá ag tosú amach sa ngairm chun taithí agus cleachtadh láidir innealtóireachta a fháil ar a lán tionscadal spreagúil i gcuideachta atá páirteach agus gafa leis an oiread sin d'earnálacha ilchineálacha le hÉire Composites. Mar gheall ar an mbunachar cliant d'ardchaighdeán atá ag ÉireComposites, agus an dáimh atá acu a bheith ag obair le cuideachtaí nuálacha, beidh deis agat do chuid scileanna a fhorbairt trína bheith ag obair ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha. Beidh gá le hinniúlacht theicniúil don ról seo mar aon le bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

Mar Innealtóir Tionscadail ag ÉireComposites, beidh na nithe seo a leanas áirithe den chuid is mó leis na freagrachtaí atá luaite thíos, gan a bheith teoranta leo:

Freagrachtaí:

- Cláir oibre taighde a shainiú don chuideachta.
- Tograí taighde a fhorbairt d'eagraíochtaí ar nós Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, An Coimisiún Eorpach agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh agus tuarascálacha tionscadail a ghiniúint.
- Páirteanna comhchodacha ceannródaíocha a dhearadh agus a dhéanamh.
- Rialú próiseas agus córais bhainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm.
- Oibriú mar chuid den fhoireann innealtóireachta chun tionscadail a phleanáil agus a sheachadadh.

Inniúlachtaí:

- A bheith féinspreagtha agus sásta oibriú ar do chonlán féin
- A bheith i do bhall éifeachtach foirne agus in ann cur le d'fhoireann féin agus go hirléimsiúil.
- Scileanna láidre idirphearsanta, eagraíochtúla agus cumarsáide
- A bheith compordach ag bainistiú tosaíochtaí atá in iomaíocht lena chéile

- Scileanna láidre scríbhneoireachta
- Leibhéal arda spreagúlachta agus uailmhéine

Riachtanais:

- Céim theicniúil nó eolaíoch ó ollscoil aitheanta, agus b'fhearr gur céim san innealtóireacht mheicniúil, déantúsaíocht, dearadh, nó a macasamhail de réimse a bheadh i gceist.
- Buneolas ar CAD.
- Scileanna maithe ginearálta teicniúla agus a bheith sásta scileanna nua a fhoghlaim.
- Dearcadh spriochtíomáinte agus mian láidir rathúlachta.
- A bheith in ann taisteal chun cuairt a thabhairt ar chustaiméirí agus freastal ar sheónna trádála.

Seol do CV go dtí hr@eirecomposites.com. Tá ár sainchuntais poist go léir ar fáil go hiomlán i mBéarla agus i nGaeilge araon ar www.eirecomposites.com, agus tá breis eolais faoinár ngnó ar fáil ansin freisin.

Buntáistí:

- Tuarastal lomaíoch.
- Rochtain éasca – 25 nóim ó Chnoc na Cathrach,
- Ról buan
- Páirceáil & ceaintín ar an láthair
- Cuirfear éadaí oibre ar fáil
- Críochnú luath ar an Aoine
- Imeachtaí/tionscnaimh folláine agus foirne
- Oiliúint & forbairt
- Forbairt gairme
- Árachas báis le linn seirbhíse/saoil
- Asbhaintí PRSA
- Fiche lá saoire bhliantúil.